# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2015

# GNÓ

## GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

### AGUS

# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO

Scéim Mharcála agus Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna freagraí a bhfuiltear ag súil leo.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2015
# SCÉIM MHARCÁLA

| ROINN 1     100 MARC |
|---|
| Freagair 10 gceist – Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist |

| CEIST | SCÉIM MHARCÁLA | IOMLÁN NA MARCANNA |
|---|---|---|
| 1 | An 1ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3)<br>An 2ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3)<br>An 3ú téarma ceart 1m + 1m + 1m + 1m (4) | 10 |
| 2 | **Dhá** mhíniúchán @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 3 | **Ceithre** fhreagra: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 4 | Míniúchán: 5m + 5m | 10 |
| 5 | **Dhá** institiúid @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 6 | Foirmle: 4m Figiúirí: 2 x 2m Freagra: 2m | 10 |
| 7 | **Dhá** fhoras @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 8 | **Dhá** fhocal @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 9 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 10 | **Dhá** chuspóir @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 11 | **Trí** lipéad: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 12 | **Trí** eilimint: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 13 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 14 | Bosca **amháin** ceart: 10m | 10 |
| 15 | **Ceithre** fhreagra: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **100** |

# ROINN 2 – 300 MARC
# CUID 1

**ÍOSMHÉID: CEIST AMHÁIN (75 MARC)**
**UASMHÉID: DHÁ CHEIST (150 MARC)**

## CEIST 1

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | An tAcht um Dhíol (2) Earraí (2) agus Soláthar (2) Seirbhísí, (2) 1980 (2) | 10 |
| **(B)** | **Dhá** chineál sásaimh:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** bhuntáiste mínithe:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** chúis tugtha:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | (i) **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le Ceardchumann:<br>8 marc<br>7 marc<br>(ii) Sampla **amháin** de Cheardchumann 5m | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 2

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** Earnáil @ 5 mharc an ceann<br>**Dhá** shampla 3m + 2m | 15 |
| **(B)** | **Ceithre** thoisc tháirgeachta @ 2 mharc an ceann<br>Míniúchán ar thoisc **amháin:** 7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Trí** chúis a lonnaítear cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn:<br>7 marc (5m + 2m)<br>7 marc (5m + 2m)<br>6 mharc (5m + 1m) | 20 |
| **(D)** | Seirbhís GFT **amháin** mínithe:<br>10 marc (6m + 4m) | 10 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste a thugann cuideachtaí ilnáisiúnta do gheilleagar na hÉireann:<br>8 marc (5m + 3m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 3

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** shampla de Chaiteachas an Rialtais ar an Oideachas<br>@ 5 mharc an ceann | 10 |
| **(B)** | **Dhá** chúis leis an leibhéal ard caiteachais ar Choimirce/Leas Shóisialta:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Trí** cháin @ 5 mharc an ceann | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhealach a dtéann sé i bhfeidhm ar cháinaisnéis an Rialtais:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste a thugann breis fostaíochta do phobal áitiúil:<br>2 x 10 marc (5m + 5m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# ROINN 2 – CUID 2

**ÍOSMHÉID: 2 CHEIST (150 MARC)**
**UASMHÉID: 3 CHEIST (225 MARC)**

## CEIST 4

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar ról fiontraí:<br>@ 10 marc (4m + 4m + 2m) | 10 |
| **(B)** | **Trí** bhuntáiste atá le scileanna fiontraíochta:<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(C)** | Mínigh an difríocht idir ceannaire daonlathach agus ceannaire uathlathach:<br>8 marc (2 x 4m)<br>7 marc (1 x 4m) + (1 x 3m) | 15 |
| **(D)** | Dréachtaigh an Fógra & Clár Oibre do Chruinniú Choiste Bailte Slachtmhara Ghort na Fuinseoige.<br>**Fógra:** 5 mhír @ 2m an ceann<br>**Ábhair an chláir:** 4 mhír @ 2m an ceann<br>**Síniú:** 1 mharc<br>**Teideal:** 1 mharc | 20 |
| **(E)** | Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le obair foirne:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 5

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Míniúchán ar **dhá** chineál árachais:<br>8 mharc [Ainm 3 mharc + Míniúchán 5 mharc]<br>7 marc [Ainm 3 mharc + Míniúchán 4 mharc] | 15 |
| **(B)** | **Dhá** mhíniúchán ar Phrionsabail Árachais le sampla i ngach cás:<br>10 marc – Míniúchán 7 marc (4 + 3) + sampla (3 mharc)<br>10 marc – Míniúchán 7 marc (4 + 3) + sampla (3 mharc) | 20 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag 'Measúnóir' i gcúrsaí Árachais.<br>10 marc (5m + 5m) | 10 |
| **(D)** | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh/shlí chun fostaithe nua a earcú.<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | Mínigh na téarmaí 'Coimisiún' agus 'Sochar Comhchineáil', agus tabhair sampla **amháin** i ngach cás.<br>**Coimisiún**: 8 marc – Míniúchán 6 mharc + sampla 2 mharc<br>**Sochar Comhchineáil**: 7 marc – Míniúchán 5 mharc + sampla 2 mharc | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 6

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** chúis le gnó a fhorbairt:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(B)** | **Barrachairt:**<br>Teideal 1 mharc<br>Lipéid 4 mharc<br>Barraí (le scála) 10 marc (5 @ 2 mharc) | 15 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cumarsáid amhairc a úsáid.<br>8 marc (5m + 3m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| **(D)** | Mínigh **dhá** fhoinse airgeadais fhadtéarmaigh a úsáidtear chun gnó a fhorbairt.<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | Mínigh **dhá** chúis a bhfuil rialú stoic an-tábhachtach:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 7

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh an téarma 'Spriocmhargadh': 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| **(B)** | Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le táirgí a dhíol ar líne:<br>8 marc (5m + 3m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a chuirtear san áireamh sula ndéantar praghas táirgí a shocrú:<br>7 marc (5m + 2m)<br>7 marc (5m + 2m)<br>6 mharc (5m + 1m) | 20 |
| **(D)** | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Taighde Margaidh a dhéanamh:<br>8 marc (5m + 3m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| **(E)** | Mínigh an téarma 'Bealaí Dáileacháin' agus dréachtaigh an bealach dáileacháin atá in úsáid.<br>Míniúchán: 8 marc (4m + 4m)<br>Dréacht: 7 marc (3m + 3m) + 1 mharc as nasc | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 8

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh an téarma 'Olltáirgeadh' agus tabhair sampla **amháin**.<br>Míniúchán: 8 marc (4m + 4m)<br>Sampla: 2 mharc | 10 |
| **(B)** | Breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste do ghnólacht a bhaineann le brandáil.<br>7 marc (5m + 2m)<br>7 marc (5m + 2m)<br>6 mharc (5m + 1m) | 20 |
| **(C)** | Dréachtaigh agus cuir lipéid ar Shaolré Táirge.<br>Teideal 1 mharc<br>2 ais 1 mharc an ceann (2 mharc)<br>Léaráid cheart 2 mharc<br>5 chéim ordaithe @ 2 mharc an ceann | 15 |
| **(D)** | Mínigh: 'Scagadh Táirgí' agus 'Forbairt Fréamhshamhla'.<br>Scagadh Táirgí: 8 marc (4m + 4m)<br>Forbairt Fréamhshamhla 7marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | Breac-chuntas ar **dhá** thoisc nach mór do chuideachtaí teicneolaíochta a chur san áireamh sula roghnaíonn siad modh fógraíochta dá gcuid táirgí. 8 marc (5m + 3m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL
# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO – 2015



**ROINN 1: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA 100 marc**

<table>
<tr><th>Ceist</th><th>Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo</th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>1</td><td>Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?<br><table><tr><td>UMB</td><td>Uathmheaisín Bainc</td></tr><tr><td>UAP</td><td>Uimhir Aitheantais Phearsanta</td></tr><tr><td>CCÚT</td><td>Cáin Choinneála ar Ús Taisce</td></tr></table></td><td>10m<br>3 + 3 + 4</td></tr>
<tr><td>2</td><td>Mínigh na tréithe fiontraíochta seo a leanas:<br>(i) Nuálach: Ag feiceáil bealaí nua le rudaí a dhéanamh, smaointe a cheapadh, réitigh a aithint ar fhadhbanna.<br>(ii) Glacadóir Rioscaí: Duine atá toilteanach dul sa seans gnó a bhunú. Glacann sé/sí riosca pearsanta agus airgeadais. D’fhéadfaí an infheistíocht go léir a chailleadh má theipeann ar an ngnó.</td><td>10m<br>2 x 5m<br>(3+2)</td></tr>
<tr><td>3</td><td>Cuir tic leis na Teicnící Tionscnaimh cearta:<br><table><tr><td rowspan="2">Samplaí</td><td colspan="3">Teicnící Tionscnaimh</td></tr><tr><td>Fógraíocht</td><td>Tionscnamh (Cur chun cinn) Díolacháin</td><td>Caidreamh Poiblí</td></tr><tr><td>Ceannaigh Ceann agus Gheobhaidh tú Ceann Eile in Aisce</td><td></td><td>✓</td><td></td></tr><tr><td>Cláir Fógraí</td><td>✓</td><td></td><td></td></tr><tr><td>Preasocáid</td><td></td><td></td><td>✓</td></tr><tr><td>Samplaí in Aisce</td><td></td><td>✓</td><td></td></tr></table></td><td>10m<br>3 + 3 + 2 + 2</td></tr>
<tr><td>4</td><td>Ciallaíonn Dliteanas Teoranta má bhíonn cuideachta féimheach nach bhfuil úinéirí na cuideachta freagrach as fiacha uile na cuideachta – níl siad freagrach ach amháin as an méid a d’infheistigh siad sa ghnó. Ní féidir sócmhainní pearsanta a ghlacadh chun fiachas a aisíoc.</td><td>10m<br>5m + 5m</td></tr>
<tr><td>5</td><td>Ainmnigh dhá Institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh:<br>Parlaimint na hEorpa<br>An Coimisiún Eorpach<br>Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh<br>Comhairle an AE (Comhairle na nAirí)<br>Cúirt Iniúchóirí na hEorpa<br>An Banc Ceannais Eorpach (ECB)</td><td>10m<br>2 x 5m</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| 6 | **Ríomh Corrlach an Bhrabúis Ghlain ó na figiúirí atá tugtha:**<br><br>**Corrlach an Bhrabúis Ghlain:** $\frac{BG}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1} = \frac{110{,}000}{880{,}000} \times \frac{100}{1} = 12.5\%$ | **10m**<br>Foirmle: 4<br>Figiúirí: 2 x 2<br>Freagra: 2 |
| 7 | **Déan liosta de dhá fhoras ina bhfuil Inniúlacht Conraithe ag duine:**<br>• os cionn 18<br>• nach bhfuil faoi thionchar an óil/drugaí<br>• duine slánmheabhrach | **10m**<br><br>2 x 5m |
| 8 | **Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú :**<br>Féachann gnóthaí domhanda ar an domhan mar mhargadh ***AONAIR*** amháin agus úsáideann siad meascadh (cumasc) margaíochta domhanda nó oiriúnaithe chun táirge **CAIGHDEÁNAITHE** a dhíol. | **10m**<br><br>2 x 5m |
| 9 | **Breac síos FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas ar Theoiricí Inspreagtha :** (see table below) | **10m**<br><br>5 x 2m |
| 10 | **Tabhair breac-chuntas ar an gcuspóir atá leis na foirmeacha árachais seo a leanas :**<br>**Foirm Thogra:** Seo foirm iarratais nach mór do dhuine ar mian leis polasaí árachais a ghlacadh a líonadh isteach. Ní mór gach fíoras ábhartha maidir leis an mír/tsócmhainn ar a bhfuil árachas le cur a chur in iúl. Cinntíonn sé sin go mbeidh an fhianaise go léir ag an gcuideachta árachais a theastaíonn chun cinneadh a dhéanamh maidir le préimh.<br>**Foirm Éilimh:** Má tharlaíonn caillteanas faoi árachas, líonann an t-árachaí an doiciméad seo agus é ar thóir cúitimh, agus tabharfaidh sé cuntas ar cad a tharla agus luafaidh sé an méid caillteanais a fulaingíodh. Ní mór foirm éilimh a líonadh isteach agus a sheoladh chuig an árachóir ionas go bhfaighidh siad cúiteamh. | **10m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2) |

Question 9 table:

| **RÁITEAS** | FÍOR nó BRÉAGACH |
|---|---|
| Teoiric X agus Teoiric Y a thugtar ar Theoiric McGregor faoin inspreagadh. | **FÍOR** |
| Baineann riachtanais Fhiseolaíocha/Fhisiceacha leis an riachtanas le post sábháilte slán. | **BRÉAGACH** |
| Is iad na fostaithe atá ard-inspreagtha is cúis le táirgeacht íseal san ionad oibre. | **BRÉAGACH** |
| Le riachtanais bhia agus foscaidh a bhaineann riachtanais Shóisialta/Inghlacthachta. | **BRÉAGACH** |
| Chreid Maslow nuair a shásaítear riachtanas amháin go dtagann an chéad riachtanas eile chun cinn mar inspreagthóir. | **FÍOR** |

<table>
<tr><td>11</td><td>Cuir na lipéid seo a leanas san ionad ceart ar an gcairt chun an Chairt Mheá ar Mheá thíos a chomhlánú:<br>Cairt Mheá ar Mheá<br>
</td><td>10m<br><br>4 + 3 + 3</td></tr>
<tr><td>12</td><td>Eilimintí den Mheascadh (Cumasc) Margaíochta<br>PROMÓISEAN AR PHRAGHAS TÁIRGE</td><td>10m<br>4 + 3 + 3</td></tr>
<tr><td>13</td><td>Déan an dá liosta a mheaitseáil :
<table>
<tr><th>1</th><th>2</th><th>3</th><th>4</th><th>5</th></tr>
<tr><td>F</td><td>D</td><td>E</td><td>A</td><td>C</td></tr>
</table></td><td>10m<br><br>5 x 2m</td></tr>
<tr><td>14</td><td>Cuir tic sa bhosca cuí chun an tAcht a rialaíonn an chaoi a ndéantar eolas faoi dhaoine a stóráil a chur in iúl:<br>An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 ☐<br>An tAcht um Chosaint Sonraí 1988/2003 ✓</td><td>10m<br><br>10m</td></tr>
<tr><td>15</td><td>Comhlánaigh an struchtúr eagrúcháin feidhmiúil ag Cuideachta Phríobháideach Theoranta a bhfuil ceithre rannóg inti :<br>
</td><td>10m<br><br>3 + 3 + 2 +2</td></tr>
</table>

# ROINN 2

## CUID 1

| CEIST 1 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Luaigh an dlí a thugann cosaint do Ava sa chás seo.**<br><br>An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 | **10m**<br><br>5 x 2m |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál sásaimh a bhfuil Ava ina dteideal sa chás seo thuas.**<br>**Aisíocaíocht:** Gheobhaidh Ava a cuid airgid ar ais toisc go bhfuil an táirge lochtach / níl siad de mhianach inmhargaidh.<br>**Athsholáthar:** Is féidir leis an siopa cluasáin eile a thabhairt do Ava.<br>**Deisiúchán:** Is féidir leis an siopa tairiscint a dhéanamh na cluasáin bhriste a dheisiú do Ava. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>( 4+ 3) |
| **(C)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a bheadh ann dá dtabharfadh Ava a cás chuig Cúirt na Mionéileamh :**<br>• Saor: Ní chosnaíonn sé ach €25 cás a thabhairt chuig Cúirt na nÉileamh Beag<br>• Níl aon Dlíodóirí páirteach – níl aon táillí dlí i gceist – is féidir le Ava ionadaíocht a dhéanamh ar a son féin<br>• Éasca a rochtain: Is féidir an t-iarratas a dhéanamh ar líne nó an fhoirm a íoslódáil<br>• Breithiúnas neamhchlaonta agus cothrom: Déanann breitheamh na Cúirte Dúiche cinneadh<br>• Réiteach Tapa ar éilimh tomhaltóirí suas go luach €2,000 – rud a d'fheilfeadh do Ava. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3) |
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil na fógraí thíos mídhleathach faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.**<br>1. **Fáilteoir Óstáin ag teastáil – ní mór duit a bheith i d'Éireannach agus Béarla líofa a bheith agat**<br>2. **Tiománaí veain ag teastáil chun earraí a sheachadadh ar fud na hÉireann – Tabharfar tosaíocht do thiománaí fir**<br><br>1. Tá sé mídhleathach idirdhealú a dhéanamh i gcoinne duine bunaithe ar a **gcine/náisiúntacht –** ní féidir leis an óstán teorainn a chur leis na hiarratais do mhuintir na hÉireann amháin.<br>2. Tá sé mídhleathach idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar **inscne** duine – ní mór don chuideachta cead a thabhairt d'fhir agus do mhná iarratais a dhéanamh. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste d'fhostaí as a bheith mar bhall de Cheardchumann .**<br><br>• Tugann an Ceardchumann cosaint do chearta fostaithe ag a gcuid oibre<br>• Déanann an Ceardchumann iarracht pá agus dálaí oibre fostaithe a fheabhsú<br>• Déanann sé ionadaíocht ar fhostaithe i ndíospóidí leis an bhfostóir<br>• Pléann sé pacáistí iomarcaíochta mura féidir poist a thabhairt slán.<br><br>**(ii) Luaigh sampla amháin de Cheardchumann in Éirinn.**<br><br>SIPTU TUI INMO<br>ASTI INTO Impact | **20m**<br><br>(i)<br>8m<br>+<br>7m<br><br>(ii)<br>5m |

| CEIST 2 | | |
|---|---|---|
| (A) | **Ainmnigh an dá earnáil/chatagóir eile sa tionsclaíocht eile agus luaigh sampla amháin de gach ceann díobh.**<br>**An Earnáil Phríomhúil** – Tionscail eastóscacha<br>Sampla: Feirmeoireacht, Iascaireacht, Foraoiseacht, Mianadóireacht<br>**An Earnáil Thánaisteach** – Tionscail Déantúsaíochta & Tógála<br>Sampla: Intel, Glanbia, Kerry Group, Pfizer, Sisk. | **15m**<br>Earnálacha: 2 x 5m<br>Samplaí: 3 + 2 |
| (B) | **Déan liosta de na ceithre thoisc tháirgeachta agus mínigh ceann amháin díobh.**<br>**TALAMH** Gach acmhainn nádúrtha a úsáidtear sa phróiseas táirgthe, e.g. uisce, talamh, mianraí. Íoctar cíos ar thalamh.<br>**SAOTHAR:** An t-ionchur daonna (fisiciúil agus intleachtúil) a úsáidtear chun táirgí a tháirgeadh. Luach saothair: pá.<br>**CAIPITEAL:** Gach earra de dhéantús an duine a úsáidtear sa phróiseas táirgthe, e.g. innealra. Íoctar ús as soláthar caipitil.<br>**FIONTRAÍOCHT:** Saintréithe agus scileanna fiontraithe a thagann ar an smaoineamh maidir le táirge agus a thugann na tosca eile go léir le chéile. Is é brabús an luach saothair má éiríonn leis an riosca a ghlactar nó caillteanas mura n-éiríonn leis an riosca sin. | **15m**<br>Tosca: 4 x 2m<br>Míniúchán 7m (4 + 3) |
| (C) | **Tabhair breac-chuntas ar thrí chúis a lonnaítear cuideachtaí ilnáisiúnta (MNC) in Éirinn.**<br>**Tagann cuideachtaí ilnáisiúnta go hÉirinn** mar gheall ar:<br>• Rochtain / bealach chuig margaí AE (gan aon dleacht allmhairithe)<br>• Cáin Chorparáide ar ráta íseal (12.5%)<br>• Náisiún ina labhraítear Béarla<br>• Fórsa saothair ardoilte in Éirinn a bhfuil oideachas maith orthu<br>• Dreasachtaí dheontais an Rialtais trí GFT Éireann<br>• Díospóidí tionsclaíocha ar leibhéal íseal in Éirinn. | **20m**<br>7m (5 + 2)<br>+<br>7m (5 + 2)<br>+<br>6m (5 + 1) |
| (D) | **Mínigh seirbhís amháin a sholáthraíonn GFT Éireann do chuideachtaí ilnáisiúnta ón gcoigríoch.**<br>• Tugann sé maoiniú (deontais etc.) go chuideachtaí ilnáisiúnta a lonnaíonn in Éirinn – taighde, nuálaíocht, forbairt, etc.<br>• Tógann sé áitribh saintógtha atá oiriúnach i gcomhair cuideachtaí ilnáisiúnta<br>• Seirbhís chomhairliúcháin – faisnéis maidir le cáin, scileanna, oideachas, seirbhísí tacaíochta do chuideachtaí ilnáisiúnta<br>• Tugann sé naisc le hinstitiúidí tríú leibhéal. | **10m**<br>(6 + 4) |

| | | |
|---|---|---|
| (E) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a thugann cuideachtaí ilnáisiúnta do gheilleagar na hÉireann.**<br>• Cruthaíonn siad breis fostaíochta – laghdaítear dífhostaíocht<br>• Gintear ioncam cánach don Rialtas<br>• Cuidíonn siad chun bonneagar a fheabhsú – leathanbhanda<br>• Cruthaítear seach-chuideachtaí – bialanna áitiúla<br>• Ceannaítear ábhair ó ghnólachtaí dúchasacha Éireannacha agus úsáidtear a gcuid seirbhísí. | **15m**<br><br>8m (5 + 3)<br>+<br>7m (5 + 2) |

| CEIST 3 | | |
|---|---|---|
| (A) | **Déan liosta de dhá shampla de chaiteachas Rialtais ar an Oideachas.**<br>• Tuarastail múinteoirí<br>• Tógáil scoileanna<br>• Leathnú scoileanna<br>• Tionscnaimh oideachais<br>• Bonneagar – TF, Saotharlanna | **10m**<br><br>2 x 5m |
| (B) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis atá leis an leibhéal ard caiteachais ar Choimirce/Leas Shóisialta.**<br>• Leibhéal ard dífhostaíochta – Íocann an Rialtas sochar dífhostaíochta<br>• Sochar Leanaí – gach teaghlach in Éirinn i dteideal sochar leanaí a fháil dá gcuid leanaí<br>• Pinsean Stáit – líon mór daoine incháilithe os cionn 66<br>• Sochar máithreachais – íoctar é le máithreacha a bhíonn ag obair agus atá ar shaoire mháithreachais<br>• Liúntas cíosa – Tugann an Rialtas airgead do dhaoine áirithe chun cuidiú leo íocaíochtaí cíosa a dhéanamh<br>• Sochar breoiteachta / míchumais – mura bhfuil daoine in ann dul ag obair mar gheall ar bhreoiteacht / míchumas tugann an Rialtas íocaíocht dóibh | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3) |
| (C) | **Déan liosta de thrí cháin a bhailíonn an Rialtas.**<br>• CBL<br>• Cáin Ioncaim (ÍMAT)<br>• Cáin Chorparáide<br>• Mótarcháin<br>• Cáin Mhaoine<br>• Cáin Ghnóthachan Caipitiúil<br>• Cáin ar Fháltais Chaipitiúla<br>• CCÚT | **15m**<br><br>3 x 5m |
| (D) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a dtéann ardú fostaíochta i bhfeidhm ar cháinaisnéis an Rialtais.**<br>• Nuair a mhéadaíonn an cháin ioncaim a íocann fostaithe feabhsaítear ioncam an Rialtais<br>• Nuair a thagann laghdú ar íocaíochtaí Coimirce Sóisialaí laghdaítear caiteachas an Rialtais<br>• Nuair a thagann méadú ar fhostaíocht méadaíonn caiteachas tomhaltóirí rud a mhéadaíonn ioncam an Rialtais ó CBL. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3) |
| (E) | **Mínigh dhá bhuntáiste a thugann breis fostaíochta do pobal áitiúil.**<br>• Méadú ar chaiteachas i ngnóthaí áitiúla – caitear an pá go háitiúil<br>• Feabhas ar an gcaighdeán maireachtála sa phobal<br>• Spreagtar tuilleadh gnó – siopaí, seirbhísí, seach-chuideachtaí<br>• Feabhas ar bhonneagar – tithíocht, cosáin rothaíochta.<br>• Leathnú ar shaoráidí áitiúla e.g. scoileanna. | **20m**<br><br>2 x 10m<br>(5 + 5) |


## CUID 2:

| CEIST 4 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar ról fiontraí.**<br><br>Is ionann Fiontraí agus duine a fheiceann deis ghnó (táirge nó seirbhíse) agus a ghlacann leis na rioscaí a bhaineann lena bhunú. Úsáideann sé/sí a stuaim féin agus eagraíonn sé na hacmhainní go léir is gá (airgeadas agus daonna) chun an gnó a chur ar bun agus dóchas aige go ndéanfaidh sé brabús. | **10m**<br><br>(4 + 4 + 2) |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh scileanna/tréithe fiontraíochta Alice dul chun sochair do Choiste Bhailte Slachtmhara Ghort na Fuinseoige.**<br>• Nuálaíocht / cruthaitheacht – tá sí in ann deiseanna a thabhairt faoi deara le haghaidh feabhas sa réimse<br>• Cinntitheach – beidh sí in ann cinntí tábhachtacha a dhéanamh go tapa<br>• Anailíseach – beidh sí in ann anailís a dhéanamh ar chás agus teacht ar réitigh<br>• Bainistíocht Ama – beidh sí in ann tascanna a bhfuil tosaíocht leo a leagan síos agus tabharfaidh sí dóthain ama chun iad a chur i gcrích<br>• Réadúil - bheadh a fhios aici na rudaí nach mbeadh sí ábalta a dhéanamh<br>• Solúbthacht / oiriúnacht – an cumas tosaíochtaí a athrú más gá. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| **(C)** | **Mínigh an difríocht idir ceannaire daonlathach agus ceannaire uathlathach.**<br><br>**Ceannaire daonlathach**<br>- téann sé i gcomhairle agus labhraíonn sé leis an bhfoireann sula ndéantar cinntí<br>- déanann sé údarás agus freagracht a tharmligean<br>- tá muinín aige as fostaithe chun a gcuid dualgais a chur i gcrích<br>- áitíonn sé agus spreagann sé in ionad orduithe a thabhairt<br>- spreagann sé Infhiontraíocht.<br>- téann an chumarsáid sa dá threo.<br><br>**Ceannaire uathlathach**<br>- ceannasach agus údarásacha – tugtar ceannaire údarásach air chomh maith<br>- is fearr leis a chinntí féin a dhéanamh<br>- ní théann sé i gcomhairle leis an bhfoireann<br>- tugann sé orduithe d'fhostaithe agus bíonn sé ag súil go ngéillfear dó<br>- ní tharmligeann sé freagracht don fhoireann / níl muinín aige as an bhfoireann<br>- ní théann an chumarsáid ach bealach amháin – ón mbarr anuas<br>- baintear cuspóirí amach trí bhagairtí, eagla agus imeaglú. | **15m**<br><br>8m<br>(2 x 4)<br>+<br>7m<br>(1 x 4)<br>(1 x 3) |

| | | |
|---|---|---|
| (D) | **Dréachtaigh an Fógra agus an Clár do chruinniú Choiste Bhailte Slachtmhara Ghort na Fuinseoige, a sheol an Rúnaí, Brian Ó Domhnaill. (Ní mór go mbeadh ceithre mhír ar a laghad ar an gClár.)**<br><br>Fógra:<br><br>**Coiste Bhailte Slachtmhara Ghort na Fuinseoige** 11 Meitheamh 2015<br><br>Beidh an chéad **chruinniú míosúil** eile de Choiste Bhailte Slachtmhara Ghort na Fuinseoige ar siúl **Dé hAoine an 26 Meitheamh 2015** ag **7:30p.m.** in **Ionad Pobail Ghort na Fuinseoige**<br><br>Clár Oibre:<br><br>1. **Miontuairiscí an chruinnithe roimhe**<br>2. Nithe a eascraíonn as na miontuairiscí / Comhfhreagras<br>3. Aitheasc an Chathaoirligh / Tuarascáil an Chisteora / Tuarascáil an Rúnaí<br>4. **Foinsí airgid d'fhonn feabhas a chur ar ár bpáirc áitiúil**<br>5. Freagrachtaí na foirne / réimsí eile den sráidbhaile óna dteastaíonn cúram<br>6. AON GHNÓ EILE/AGE<br><br>Sínithe: Brian O'Domhnaill, Rúnaí | **20m**<br><br>Fógra<br>5 x 2m<br><br>(2 mharc as gach téarma i gcló trom)<br><br>Clár Oibre<br>4 x 2m<br><br>(2 mharc as míreanna i gcló trom + 2 mhír eile ar an gclár oibre)<br><br>Síniú 1m<br>Teideal 1 m |
| (E) | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le hobair foirne :**<br><br>• Feabhsaítear meanma / spreagadh / sástacht poist i measc na bhfostaithe<br>• Ualach oibre roinnte / freagracht roinnte / cuireann gach ball foirne leis<br>• Feabhsaítear an chumarsáid – ní mór do dhaoine labhairt le chéile nuair atá siad ar fhoireann<br>• Cuirtear obair i gcrích níos tapúla – feabhsaítear éifeachtúlacht nuair a bhíonn níos mó daoine ag obair le chéile ar tasc<br>• Déantar cinntí níos fearr / déantar réitigh a cheapadh níos fearr<br>• Gintear smaointe cruthaitheacha / féadann moltaí smaointe nua a chruthú<br>• Feabhsaítear caighdeán na hoibre mar gheall ar mheanma fheabhsaithe na foirne. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3) |

| CEIST 5 | | |
|---|---|---|
| (A) | **Mínigh dhá chineál árachais a d'fhéadfadh AnStorArachais.com a dhíol lena gcuid custaiméirí**.<br><br>**Don phobal:**<br>• Árachas Gluaisteán – árachas reachtúil do gach feithicil mótair. Cumhdaítear i gcoinne damáiste a déantar do ghluaisteáin eile (clúdach tríú páirtí) nó gluaisteáin eile agus d'fheithicil féin (clúdach cuimsitheach).<br>• Árachas Tí agus Inneachair – cumhdaítear i gcoinne dóiteáin / gadaíochta / tuilte nó damáiste trí thimpiste don teach cónaithe nó aon rud sa teach<br>• Árachas Saoil – tugann sé cúiteamh ar dháta faoi leith sa todhchaí nó ar bhás an árachóra<br>• Árachas Sláinte – cumhdaítear an costas a bhaineann le cúram leighis nó ospidéil<br>• Árachas Taistil.<br><br>**Do ghnóthaí eile:**<br>• Árachas Dliteanais Phoiblí – i gcás éileamh a dhéanann baill an phobail tar éis timpistí ar an áitreabh gnó<br>• Árachas Dliteanais Fostóra – tugann sé cosaint in aghaidh éileamh a dhéanann fostaithe de bharr timpistí san ionad oibre<br>• Árachas Foirgneamh & Inneachair<br>• Árachas um Earraí faoi Bhealach<br>• Árachas um Fhuinneoga Plátghloine<br>• Árachas Dliteanais i leith táirgí. | **15m**<br><br>8m (Ainmnigh 3 Míniúchán 5)<br><br>+<br><br>7m (Ainmnigh 3 Míniúchán 4) |
| (B) | **Mínigh dhá cheann de na Prionsabail Árachais seo a leanas agus tabhair sampla amháin i ngach cás:**<br>**(i) Slánaíocht (ii) Leas Inárachais (iii) Meon Lánmhaith**<br><br>**Slánaíocht**: Ní féidir le duine brabús a dhéanamh ó árachas – is é an aidhm atá le hárachas an duine a fhágáil sa staid airgeadais chéanna is a bhí sé roimh an éileamh. Ní féidir le duine brabús a dhéanamh as caillteannas.<br><br>Sampla: Árachas ar charr ar €15,000. Luach margadh €9,000. Ní bhfaighidh an t-árachaí ach cúiteamh €9,000 i gcás díscríofa.<br><br>**Leas Inárachais**: Caithfidh an té atá ag fáil an árachais leas airgeadais a bheith aige sa rud a bhfuil árachas á chur air – ní mór dó a bheith ag gnóthachtáil dá bharr agus ag fulaingt má chailleann sé é.<br><br>Sampla: Is féidir le daoine a dteach féin a árachú ach níl aon leas inárachais acu i dteach a gcomharsan a árachú. | **20m**<br><br>2 x 10m<br><br>[Míniúchán 7m(4+3) + Sampla 3m] |

<table>
<tr><td></td><td>Meon Lánmhaith: Ní mór do dhuine atá ag fáil árachais a bheith fírinneach nuair a bheidh an fhoirm thogra á comhlánú aige – ní mór gach fíric ábhartha a dhearbhú. Is ionann fíric ábhartha agus aon rud a théann i bhfeidhm ar an leibhéal riosca a iarrtar ar an árachóir a chlúdach agus gearrtar an táille árachais dá bhrí sin.<br><br>Sampla: Ní mhór riocht leighis a dhearbhú nuair a bhíonn árachas beatha á lorgadh. Ní mhór aon fhíric ábhartha a nochtadh.</td><td></td></tr>
<tr><td>(C)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag measúnóir i gcúrsaí árachais.<br><br>Déanann measúnóir imscrúdú ar an éileamh árachais thar ceann na cuideachta árachais – déanann sé cigireacht ar an damáiste atá déanta don áitreabh/mhír agus cinneann sé cé mhéid cúitimh ba chóir a íoc.</td><td>10m<br><br>(5 + 5)</td></tr>
<tr><td>(D)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh/shlí chun fostaithe nua a earcú.<ul><li>Fógraíocht – Nuachtáin, raidió – (áitiúil nó náisiúnta)</li><li>Gníomhaireachtaí Earcaíochta – is féidir leo teacht ar an gcineál duine atá ag teastáil</li><li>An tIdirlíon/Suíomh Gréasáin na Cuideachta – déanann go leor cuardaitheoirí poist cuardach ar líne i gcomhair folúntas</li><li>Ollscoileanna / Coláistí – bualadh le grúpaí mac léinn</li><li>Gníomhaireachtaí Poist (e.g. Solas) – tá a fhios acu cé atá as obair</li><li>Spriocearcú – Iarrtar ar dhuine as eagraíocht eile an post a ghlacadh</li><li>Póstaeir ar an gclár fógraí / fuinneog na hoifige.</li></ul></td><td>15m<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3)</td></tr>
<tr><td>(E)</td><td>Mínigh na téarmaí ‘coimisiún’ agus ‘sochar comhchineáil’ agus tabhair sampla amháin i ngach cás.<br><br>Coimisiún<br>Íocaíocht d’fhostaithe bunaithe ar leibhéal na ndíolachán a dhéanann gach fostaí – íoctar céatadán den mhéid a díoltar leis an bhfostaí.<br>Sampla: Díolann fostaí luach €6,000 d’earraí agus faigheann sé 10% coimisiúin = €600<br><br>Sochar comhchineáil<br><u>Íocaíochtaí neamhairgid</u> (ar a dtugtar peorcaisí freisin) a dhéantar le fostaithe, go hiondúil mar aon lena bpá / dtuarastal nó mar chuid de phacáiste foriomlán.<br><br>Samplaí: Béilí fóirdheontais nó dearbháin lóin, carr cuideachta, teileafón saor in aisce, ríomhaire glúine / táibléad saor in aisce, árachas sláinte saor in aisce, ballraíocht i ngiomnáisiam saor in aisce.</td><td>15m<br><br>8m<br>Míniúchán<br>6m<br>Sampla 2 m<br><br>+<br><br>7m<br>Míniúchán<br>5m<br>Sampla 2 m</td></tr>
</table>


<table>
<tr><td colspan="3">CEIST 6</td></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d’fhéadfadh a bheith ag David Mason lena ghnó a fhorbairt.<br>• Brabúis a mhéadú d’fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh / le haghaidh caighdeán maireachtála níos fearr<br>• Margaí nua a rochtain rud a chuideodh chun díolacháin a mhéadú<br>• Barainneachtaí scála – laghdaítear costais táirgthe nuair a fhorbraítear gnó<br>• Éagsúlú – táirgí nua a fhorbairt mar gheall ar mheath ar tháirgí reatha<br>• Teicneolaíocht nua / táirgí nua a fháil / deireadh a chur le hiomaíocht.</td><td>15m<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3)</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Barrachairt:<br>Gluaisteáin Mason Teo. – Brabús Glan 2010-2014<br>Brabús<br>€<br><br></td><td>15m<br><br>Teideal<br>1m<br><br>Brabús<br>€2m<br><br>Blianta<br>2m<br><br>Barraí<br>5 x 2m</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le cumarsáid amhairc, mar bharrachairt, a úsáid chun an t-eolas seo a chur i láthair an Bhainisteora Bainc.**<br><br>• Dul i gcion níos fearr ar an mBainisteoir Bainc toisc go gcuireann sé leis an bPlean Gnó<br>• Níos gasta ag cur na teachtaireachta in iúl<br>• Maireann faisnéis amhairc i gcuimhne duine níos faide<br>• Tá an fhaisnéis soiléir – éasca a thuiscint. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br>+<br>7m<br>(5 + 2) |
| **(D)** | **Mínigh dhá fhoinse airgeadais fhadtéarmaigh d'fhéadfadh David Mason a úsáid lena ghnó a fhorbairt.**<br><br>**Iasacht fhadtéarmach / bintiúir –** seo iasachtaí ar feadh 5 bliana nó níos faide. Urrús / comhthaobhacht de dhíth (réadmhaoin nó sócmhainní seasta eile). Ráta úis agus dáta aisíocaíochta sonraithe. In úsáid i gcomhair mórchaiteachas caipitiúil.<br><br>**Scairchaipiteal / caipiteal / cothromas an úinéara** – airgead a chuireann scairshealbhóirí ar fáil. Níl aon urrús ag teastáil. Fanann sé sa chuideachta fad is atá sé ann agus ní aisíoctar é ach amháin ar fhoirceannadh na cuideachta.<br><br>**Tuilleamh coimeádta (cúlchistí) –** brabúis nach n-íoctar amach i ndíbhinní ach a dhéantar a athinfheistiú sa chuideachta mar chaipiteal breise i gcomhair forbartha / sócmhainní a cheannach. Is foinse airgid in aisce é.<br><br>**Deontais Rialtais –** Airgead ón Rialtas nach gcaithfear aon ús ná aon aisíocaíochtaí a dhéanamh ina leith. Bíonn coinníollacha sonracha i gceist leis de ghnáth. Táthar ag súil go gcruthófar fostaíocht leis na deontais agus ní thugtar iad ach amháin do thionscadail a bhfuiltear ag súil go n-éireoidh leo. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3) |
| **(E)** | **Mínigh dhá chúis a bhfuil rialú stoic an-tábhachtach i nGluaisteáin Mason Teo.**<br><br>• Cinntíonn sé go mbeidh an méid ceart stoic ann nuair a theastaíonn sé, rud a chinntíonn nach gcailltear amach ar dhíolacháin<br>• Cinntíonn sé nach bhfuil farasbarr stoic ann – ídíonn sé sin airgead<br>• Cuireann sé cosc ar mheath stoic / dhífheidhmeacht<br>• Laghdaíonn sé costais stórála agus árachais<br>• Níos lú deachmaíochta<br>• Feabhsaíonn sé íomhá / cáil an ghnó. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br>+<br>7m<br>(4 + 3) |

| CEIST 7 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Mínigh an téarma 'spriocmhargadh'.**<br><br>Is ionann **spriocmhargadh** agus an grúpa daoine ar a bhfuil an táirge nó an tseirbhís áirithe dírithe. Is féidir spriocmhargadh a shainmhíniú trí aois, leibhéal ioncaim, inscne, suíomh agus stíl bheatha. (Daoine ag roinnt riachtanais chomónta).<br>Sampla: Bheadh tuismitheoirí scoláirí a fhreastalaíonn ar an scoil mar sprioc ag déantóirí éidí scoile. | **10m**<br><br>(5 + 5) |
| **(B)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann Amy as a cuid táirgí a dhíol ar líne.**<br><br>• Rochtain ar mhargadh níos leithne / ar mhargadh domhanda 24/7 – oscailte do gach crios ama<br>• Costais níos ísle – gan aon chostais a bheadh ar shiopa<br>• Cumarsáid láithreach le custaiméirí agus aiseolas láithreach uathu<br>• Is féidir an fhógraíocht a shaincheapadh le haghaidh an spriocmhargaidh<br>• Roghanna íocaíochta éasca ar líne do chustaiméirí<br>• Díolacháin / brabúis mhéadaithe | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br>+<br>7m<br>(5 + 2) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thoisc a chaithfidh Amy a chur san áireamh sula socraíonn sí praghas a cuid táirgí.**<br><br>• Costas táirgthe / taighde agus forbairt / costas amhábhar – ní mór na costais sin a ríomh agus a fhorchúiteamh ar feadh shaolré an táirge.<br>• Costais dáileacháin – an costas a bhaineann lena táirgí a sheachadadh<br>• Iomaíocht – ní mór praghas a bheith cosúil le praghas iomaitheoirí chun sciar den mhargadh a ghnóthú<br>• Pointe cothroime – an t-íosphraghas chun costais a chlúdach<br>• A corrlach brabúis – an toradh atá súil aici a dhéanamh óna fiontraíocht<br>• Cánacha rialtais / CBL nó rialuithe praghsanna b'fhéidir ar tháirgí áirithe<br>• Spriocmhargadh – féadfar praghsanna éagsúla a ghearradh i margaí éagsúla.<br>• An costas atá lena suíomh Gréasáin a choinneáil cothrom chun dáta.<br>• Costais chothabhála – deisiúcháin ar threalamh, solas agus teas, teileafón – ní mór iad sin a chur san áireamh sa phraghas a ghearrfar.<br>• An leibhéal éilimh – dá airde an t-éileamh, is é is airde an praghas.<br>• D'fhéadfaí lascainí a thabhairt toisc go mbeidh builc-cheannaitheoirí ag súil go ngearrfar praghas níos ísle orthu. | **20m**<br><br>7m<br>(5 + 2)<br>+<br>7m<br>(5 + 2)<br>+<br>6m<br>(5 + 1) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le taighde margaidh a dhéanamh.**<br><br>• Laghdaítear an riosca teipthe – cuidíonn sé chun an leibhéal díolachán is dócha a bheidh ann a réamh-mheas<br>• Cuidíonn sé chun buille faoi thuairim a thabhairt ar cad a bheidh ag teastáil ó chustaiméirí amach anseo<br>• Cuidíonn sé chun méid agus cumas an mhargaidh a fháil amach<br>• Tig leis spriocmhargadh a aimsiú, más ann dó<br>• Is féidir eolas a fháil faoi iomaitheoirí<br>• Faightear amach cibé an bhfuil éileamh ar tháirge / sheirbhís nua<br>• Cuidíonn sé chun a chur in iúl cén praghas is fearr ba chóir a ghearradh<br>• Aithníonn sé an bealach dáileacháin is fearr<br>• Is féidir táirgí a thástáil ar chustaiméirí ionchais chun aiseolas a fháil ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh<br>• Cuidíonn sé leis an gcineál promóiseain is oiriúnaí a úsáid a aithint. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br>+<br>7m<br>(5 + 2) |
| **(E)** | **Mínigh an téarma bealaí dáileacháin agus dréachtaigh an bealach dáileacháin atá in úsáid ag FeiriniLeanai.ie**<br><br>Seo é an bealach trína dtugtar an táirge ón déantóir chomh fada leis an gcustaiméir. D'fhéadfadh díol díreach ón déantóir chuig an tomhaltóir a bheith i gceist anseo nó d'fhéadfaí idirghabhálacha eile a úsáid cosúil le mórdhíoltóirí, gníomhairí agus miondíoltóirí.<br><br>Bealach Dáileacháin FeiriniLeanai.ie<br><br>**DÉANTÓIR**<br>⇩<br>**TOMHALTÓIR** | **15m**<br><br>Míniúchán:<br>8m<br>(4 + 4)<br><br>Bealach Dáileacháin:<br>*7m*<br>(3 + 3)<br>+<br>1 mharc as an nasc |

| CEIST 8 | | |
|---|---|---|
| (A) | **Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma olltáirgeadh, agus tabhair sampla amháin**.<br><br>Tarlaíonn olltáirgeadh nuair a dhéantar líon an-mhór de tháirgí mar an gcéanna ar bhonn leanúnach.  Tá leibhéal ard uathoibrithe i gceist, agus bíonn barainneachtaí scála dá thoradh sin cosúil le costais saothair ísle in aghaidh an aonaid.  Tá éileamh mór riachtanach i gcomhair earraí a ndéantar olltáirgeadh orthu.<br>Samplaí:  Pinn ghránbhioracha, liathróidí gailf. | **10m**<br><br>Mínigh 8 marc<br>(4 + 4)<br>+<br>Sampla<br>2m |
| (B) | **Tabhair breac-chuntas ar thrí bhuntáiste do ghnólacht a bhaineann le brandáil.**<br><br>• Cabhraíonn sí leis an táirge a aithint / déanann sí níos so-aitheanta é / idirdhealaíonn sí é ó tháirgí iomaitheoirí<br>• Cruthaíonn sí dílseacht custaiméirí – tá claonadh ag tomhaltóirí cloí le táirge sásúil<br>• Cabhraíonn sé le margaíocht agus fógraíocht / coinníonn sé ainm brandaí i gcuimhne tomhaltóirí<br>• Ceadaíonn sí táirgí nua a bhaineann leis an mbranda aithnidiúil a sheoladh<br>• Féadann ainm branda aithnidiúil praghas níos airde a éileamh, rud as a dtagann níos mó díolachán / brabúis, toisc go gcruthaíonn táirgí brandáilte éileamh níos airde. | **20m**<br><br>7m<br>(5 + 2)<br>+<br>7m<br>(5 + 2)<br>+<br>6m<br>(5 + 1) |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Dréachtaigh agus cuir lipéid ar Shaolré Táirge.**<br><br>**SAOLRÉ TÁIRGE**<br><br> | **15m**<br><br>Teideal: 1m<br><br>Díolacháin: 1m<br><br>Am: 1m<br><br>Líne Chuartha: 2m<br><br>Céimeanna: (in ord) 5 x 2m |
| **(D)** | **Mínigh an dá chéim seo a leanas i bPróiseas Forbartha Táirge: 'Scagadh táirgí' agus 'forbairt fréamhshamhla'.**<br><br>**Scagadh táirgí :**<br>Leis seo déantar measúnú ar gach smaoineamh a bhaineann le táirge nua, faightear réidh leis na smaointe nach mairfidh agus nach n-oibreoidh agus roghnófar an smaoineamh is féideartha, an ceann is mó atá ábalta dul chun cinn a dhéanamh in áit an mhargaidh.<br><br>**Forbairt fréamhshamhla :**<br>Táirgtear sampla bunaidh nó samhail de tháirge nua a oibríonn agus tástáiltear é – cruthaíonn sé seo an féidir an táirge a dhéanamh agus aithnítear athruithe nó feabhsúcháin is gá a dhéanamh. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc nach mór do chuideachtaí teicneolaíochta a chur san áireamh sula roghnaíonn siad modh fógraíochta dá gcuid táirgí.**<br><br>• Costas – cé chomh daor is atá gach modh – an gcumhdóidh a mbuiséad é?<br>• An cineál táirge – cén modh is oiriúnaí don chineál seo táirge?<br>• Íomhá branda – an gcuirfidh an modh fógraíochta le branda an táirge?<br>• Spriocmhargadh – an sroichfidh an modh a roghnaíodh an spriocmhargadh atá leagtha síos le haghaidh an táirge?<br>• Iomaitheoirí – cad iad na modhanna fógraíochta a bhíonn ag iomaitheoirí chun díolacháin a mhéadú? | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br>+<br>7m<br>(5 + 2) |

Leathanach Bán